ÁBHAR LE HAGHAIDH SEAICÉAD TARRTHÁLA

J
SÓISEAR

Trealamh:	Marla, ábhair éagsúla chun seaicéad tarrthála a dhéanamh, m.sh. corc, spúinse, olann cadáis, polaistiréin, nuachtán, clúdaigh buidéil.
Leibhéal Ranga molta:	Na ranganna is óige
Ullmhúchán:	Bheadh sé úsáideach rang a dhéanamh roimh ré faoi "Snámh agus dul faoi Uisce": an t-uisce ag sá suas agus iad ag iarraidh balún, mar shampla, a bhrú faoin uisce; agus an chothromaíocht idir fórsa an sá suas sin agus an fórsa domhantarraingte síos.  Ba chóir dóibh nithe éagsúla a fhiosrú san uisce. .I. Tuar agus tástáil a dhéanamh le féachaint an snámhann siad nó an dtéann siad faoi.
Eolas Cúlra:	Snámhann nithe atá níos éadroma ná uisce (*.i. le dlús níos ísle*), agus téann nithe atá níos troime ná uisce faoi (*.i. le dlús níos airde*). (*Seachain an téarma 'dlús' le leanaí bunscoile*). Is féidir nithe níos troime a chur ar snámh ar bhealaí éagsúla, m.sh. **1)** A gcruth a athrú, más féidir (*trí mharla a tholladh mar shampla*) **2)** Ábhar an-éadrom a cheangal leo ionas go mbeidh siad 'éadrom dá méid' (*m.sh. bandaí snámha agus seaicéidí tarrthála a mhéadaíonn méid an duine gan mórán a chur lena meáchan*).
Ceisteanna Spreagtha:	Cad a tharlóidh do liathróid marla má chuireann tú in uisce é, dar leat - an snámhfaidh sé nó an rachaidh sé faoin uisce? Conas is féidir é a chur ag snámh dar libh? (B'fhéidir go ndéarfaidh na leanaí gur cheart é a tholladh (*Féach 'Dearadh Báid' sna bileoga Gníomhaíochta DPS*). Ba chóir a iarraidh ar na leanaí ansin an marla a mhúnlú i gcruth duine agus an cheist chéanna a chur orthu Cad a tharlaíonn nuair a léimeann tú isteach in uisce domhain - an rachaidh tú faoi nó an snámhfaidh tú? Conas is féidir fanacht ar barr? (*Snámh, snámhaíl, nó bandaí snámha lán d'aer, aerachlár nó seaicéad tarrthála a úsáid*) Cad ba chóir duit a chaitheamh nuair a théann tú amach i mbád? (*Seaicéad tarrthála*). Cén cineál ábhair ba chóir seaicéad tarrthála a dhéanamh as, dar libh? (*D'fhéadfadh na leanaí labhairt faoi ábhair éadroma nach súnn uisce isteach mar go ndéanfadh sé sin níos troime iad*).
Comhábhar:	**EOLAÍOCHT:** Fórsaí: snámh agus dul faoi uisce Ábhair: Airíonna agus tréithe **MATA:**

ÁBHAR LE HAGHAIDH SEAICÉAD TARRTHÁLA

J
SÓISEAR

Scileanna:	Fiosrú, pleanáil, déanamh, measúnú.
Nascanna Traschuraclam:	OSPS – Sábháilteacht san uisce. Súnn an chuid is mó de na héadaí agus de na bróga uisce isteach agus déanfaidh sé sin níos troime tú agus rachaidh tú faoi. Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach do bhróga agus an chuid is mó de do chuig éadaí a bhaint má thiteann tú isteach in uisce trí thimpist.
Gníomhaíocht:	1. Fiafraidh de na leanaí "An féidir libh cruth duine a chur ar phíosa marla?" 2. Taispeáin na hábhair éagsúla dóibh ansin agus fiafraigh "An féidir libh a rá cén ceann díobh seo is fearr chun seaicéad tarrthála a dhéanamh?" "Cén fáth go gceapann sibh é sin?" 3. Iarrtar ansin orthu bealach a fháil chun an t-ábhar a cheangal leis an 'duine'. 4. Déantar tástáil ar na hábhair éagsúla ansin le fáil amach cén cheann is fearr a chabhraíonn leis an 'duine' snámh. 5. An féidir leo na hábhair a chur in aon ord? más féidir, cad iad na cúinsí atá á n-úsáid acu (.i. cén fáth go bhfuil siad á gcur san ord seo?) "Cén t-ábhar a dhéanfadh an seaicéad tarrthála is fearr?" "Cén t-ábhar a dhéanfadh an seaicéad tarrthála is measa?" 6. An féidir an teist a dhéanamh chomh cothrom agus is féidir? Measúnú: Fiafraidh de na leanaí: "Conas ar éirigh le bhur ndearadh?" "Dá mbeadh sibh á dhéanamh arís an ndéanfadh sibh ar bhealach eile é?" N.B. 1. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le figiúr beag plaisteach ar nós fear Lego in ionad marla, chun am a shábháil. 2. D'fhéadfadh sé a bheith deacair an figiúr a chur ar snámh béal in airde. B'fhéidir go mbeadh oraibh a bheith sásta leis an bhfigiúr a chur ar snámh fiú má bhíonn sé béal faoi!
Sábháilteacht:	
Gníomhaíocht leantach:	Má bhí na leanaí ag foghlaim snámha an féidir leo a fháil amach cad a chabhraigh leo snámh sna ranganna tosaigh, .i. cén t-ábhar a raibh na bandaí snámha, na cláir nó cibé rud a d'úsáid siad, déanta as?